



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

Preas Ráiteas
Press Statement

Suirbhé Náisiúnta Teaghlaigh Ráithiúil Ráithe 4 2010

LÁNCHOSC: Ná scaoiltear roimh 11rn, 15^ú Márta 2011

Achoimre ar thorthaí príomha – Ráithe 4 (R4) 2010

| Príomhthorthaí R4 2010 | Deireadh Fómhair-Nollaig 2010 | Athrú bliantúil |
|---|-------------------------------|-----------------|
| Fostaithe | 1,823,200 | -64,500 |
| Dífhostaithe | 299,000 | +31,600 |
| Ráta Dífhostaíochta | 14.1% | +1.7pp |
| Tá sa Lucht Saothair | 2,122,200 | -33,000 |
| Níl sa Lucht Saothair | 1,389,900 | +24,100 |
| Ráta Rannpháirtíochta sa Lucht Saothair | 60.4% | -0.8pp |

pc = pointí céatadáin

Líon na nDaoine Fostaithe

Tháinig laghdú 3.4% (-64,500) ar fhostaíocht go 1,823,200 sa bhliain go dtí an cheathrú ráithe den bhliain 2010. Tá sé seo i gcomparáid le laghdú bliantúil 3.7% sa ráithe roimhe sin agus laghdú 8.1% sa bhliain go dtí an cheathrú ráithe de 2009.

Ba é 80,700 an meánleibhéal fostaíochta in 2010, nó 4.2% níos lú ná an leibhéal arna thaifeadadh in 2009. Leanann sé sin laghdú 171,100 nó 8.1% idir 2008 agus 2009.

Ar bhonn coigeartaithe séasúrach, thit líon na ndaoine i bhfostaíocht faoi 16,200 (-0.9%) sa ráithe. Leanann an méid sin laghdú coigeartaithe go séasúrach de 22,700 (-1.2%) ar fhostaíocht in R3 2010.

Líon na nDaoine Dífhostaithe

Tháinig méadú 31,600 nó 11.8% go bliantúil ar dhífhostaíocht go dtí 299,000, as a dtáinig méadú 14,400 (+7.6%) ar dhífhostaíocht na bhfear agus méadú 17,200 (+21.9%) go dtí 95,600 ar dhífhostaíocht na mban.

Tháinig méadú ar an ráta dífhostaíochta coigeartaithe go séasúrach ó 13.7% go 14.7% thar an ráithe.

Tháinig méadú ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí ó 4.1% go 7.3% le linn na bliana go R4 2010. Ba é dífhostaíocht fhadtéarmach ba chúis le 51.5% den dífhostaíocht iomlán in R4 2010 i gcomparáid le 33.3% sa bhliain roimhe sin.

Lucht Saothair

Ba é 2,122,200 líon iomlán na ndaoine sa lucht saothair sa cheathrú ráithe den bhliain 2010, laghdú bliantúil 1.5% (-33,000).

Chun breis eolais a fháil téigh i dteagmháil le

Brian Ring ag 021 453 5747, Tara Davis ag 021 453 5093 nó Martina O'Callaghan ag 021 453 5491

Facs 021 453 5492

R-phost labour@cs0.ie